Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara



## Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **2** |
| **2.** | **Comhthéacs Beartais** | **3** |
| **3.** | **Coinníollacha Reatha – Príomhdheiseanna agus Príomhdhúshláin i gCinn Mhara** | **5** |
| **4.** | **Cuspóirí Iompair agus Éileamh ar Thaisteal Amach Anseo** | **12** |
| **5.** | **Staidéar ar Iompar Pobail** | **15** |
| **6.** | **Céimniú agus Cur chun Feidhme** | **26** |

Aguisín A Tuairisciú ar Chomhthéacs Beartais na Gaillimhe


## Liosta de Léaráidí


| | | |
|---|---|---|
| Léaráid 1. | Próiseas Comhthéacs an Staidéir ar Iompar Phobail | 2 |
| Léaráid 2. | Comhthéacs Beartais an SIP | 3 |
| Léaráid 3. | Limistéar Staidéir Chinn Mhara | 5 |
| Léaráid 4. | Roinnt Modha – Turais chun an Oideachais | 7 |
| Léaráid 5. | Suíomhanna Scoile | 7 |
| Léaráid 6. | Cion Modha – Turais chun na hOibre | 9 |
| Léaráid 7 | Nascacht Iompair Phoiblí↦ | 10 |
| Léaráid 8. | Gréasán Bóithre | 10 |
| Léaráid 9. | Zónáil Úsáide Talún | 12 |
| Léaráid 10. | CycleConnects | 13 |
| Léaráid 11. | Feabhsuithe Bus Éire á Nascadh | 13 |
| Léaráid 12. | Ordlathas Modhach agus na nIdirghabhálacha CINIÉ | 15 |
| Léaráid 13. | Gréasán SIP Chinn Mhara Molta | 17 |
| Léaráid 14. | Gréasán Taistil Ghníomhaigh Molta | 18 |
| Léaráid 15. | Bealaí Sábháilte chun na Scoile | 19 |
| Léaráid 16. | Sampla de Limistéar Scoile | 19 |
| Léaráid 17. | Straitéis Iompair Phoiblí | 22 |
| Léaráid 18. | Moltaí Bainistithe Bóthair agus Tráchta | 23 |
| Léaráid 19. | Tairbhí an SIP | 24 |


## Liosta de Táblaí


| | | |
|---|---|---|
| Tábla 1. | Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara – Deiseanna agus Dúshláin | 6 |
| Tábla 2. | Cuspóirí an SIP | 12 |
| Tábla 3. | Téarmeolaíocht Bhirt Thaistil Ghníomhaigh | 16 |
| Tábla 4. | Bearta Iompair Phoiblí agus Cóiste | 22 |
| Tábla 5. | Bearta Bainistithe Bóthair agus Tráchta | 23 |
| Tábla 6. | Leibhéal costais tháscach agus achar ama | 26 |



Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is Staidéar ar Iompar Pobail ann?

Is cúis áthais do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an Dréachtstaidéar ar Iompar (SIP) Phobal Chinn Mhara a chur i láthair. Tá an staidéar seo ailínithe leis an Staidéar ar Iompar agus ar Phleanáil níos leithne Chontae na Gaillimhe agus le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028.

Is doiciméad neamhreachtúil é an Staidéar seo ar Iompar Pobail (SIP) a bhfuiltear ag súil leis na príomh-shaincheisteanna iompair i gCinn Mara a aithint agus moltaí a sholáthar i gcomhair bearta taistil ghníomhacha a d'fhéadfadh roinnt de na dúshláin iompair a réiteach ar mhaithe leis an bpobal.

Soláthraítear leis an staidéar seo liosta táscach de mholtaí a fhéadtar a thabhairt ar aghaidh le meas, le pleanáil agus le seachadadh tuilleadh. Aithnítear leis an staidéar réimse bhearta chun cur le roghanna iompar inmharthana agus le nascacht i gCinn Mhara, le béim ar iompar coisithe, rothaíochta, poiblí agus ar an réimse poiblí a fheabhsú.

Is í tábhacht an SIP ná an féidearthacht a bhaineann le tacú le fás an tsráidbhaile, soghluaisteacht áitiúil a fheabhsú agus cur leis an gcaighdeán maireachtála do chónaitheoirí, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí. Chu n na tairbhí sin a bhaint amach , is féidir bearta SIP féideartha a thabhairt chun cinn le meas, le maoiniú agus le seachadadh sa bhreis. Féadfar go mbeidh cead pleanála nó ceadanna reachtúla eile ag teastáil chun bearta a sheachadadh, ag brath ar scála agus ar shuíomh.

Tá Cinn Mhara, rangaithe mar Shráidbhaile Fáis Bhig, ag méadú ó thaobh daonra de (le fás de 18% idir 2011 agus 2016, fás seasmhach idir 2016 agus 2022 agus fás breise á thuar). Tá staidéar tréan ar iompar ag teastáil mar gheall ar an bhfás sin in éineacht le méadú ar ghníomhaíocht thurasóireachta.

Aithneofar leis an SIP bearta, má sheachadfar iad, gur féidir leo cabhrú le timpeallacht iompair inmharthana, inrochtana, agus shábháilte a chruthú mar thaca le forbairt Chinn Mhara agus mar fheabhsú ar a tarraingteacht mar áit chónaithe, oibre, agus chuairte – fad a chuirtear nósanna maireachtála atá níos folláine chun cinn freisin agus spleáchas ar fheithiclí príobháideacha a laghdú.

Tá seans go mbeifear in ann leis na bearta a leagtar amach sa staidéar lár sráidbhaile bríomhar a chothú freisin trí spásanna poiblí agus nascacht a fheabhsú chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus cur leis an gcaighdeán maireachtála i gCinn Mhara I gcoitinne.

Áirítear le próiseas an SIP cúig phríomhchéim:

**STAIDÉAR AR IOMPAR POBAIL**

| | |
|---|---|
| **Comhthéacs Beartais** | Leagtar amach i gCaibidil a Dó achoimre ar na pleananna agus ar na beartais áitiúla a bhaineann leis an Ionnaíocht. Leagtar amach in Aguisín A beartais agus treoirlínte reatha idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus na Contae a bhí mar bhonn eolais faoi fhorbairt an SIP. |
| **Coinníollacha Reatha - Deiseanna agus Dúshláin** | Leagtar amach i gCaibidil a Trí ceantar an staidéir lena n-áirítear anailís ar phátrúin taistil reatha agus ar áiseanna siúil, rothaíochta, iompair poiblí, gréasán na mbóithre agus an soláthar páirceála agus cothabhála. Díreofar leis sin ar na deiseanna agus ar na dúshláin i gceithre phríomhréimse théamacha atá le feabhsú: Rochtain ar Scoil; Turasóireacht; Lár an tSráidbhaile agus Nascacht níos Leithne. Úsáidfear an anailís sin ansin mar bhonn eolais faoi chéimeanna an SIP ina dhiaidh sin. |
| **Cuspóirí Iompair agus Taisteal Amach Anseo** | I gCaibidil a Ceathair pléitear le cuspóirí an SIP arna gcinneadh as fhaisnéis a bhaineann le bonnlíne agus éileamh an bheartais iompair a mheas. |
| **Staidéar ar Iompar Pobail** | Leagtar amach i gCaibidil a Cúig na prionsabail dearaidh agus an straitéis ilmhodúlach arna roghnú, lena n-áirítear sonraí ginearálta na scéimeanna molta agus príomhréimsí fócais, chomh maith le hachoimre ar na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo as an SIP. |
| **Céimniú agus Cur chun Feidhme** | Leagtar amach i gCaibidil a Sé céimniú agus plean cuir chun feidhme na mbearta a mholtar sa SIP. |

**Léaráid 1. Próiseas Comhthéacs an Staidéir ar Iompar Phobail**

# 2. Comhthéacs Beartais

## 2.1 Comhthéacs Beartais

Tá an SIP Chinn Mhara ailínithe le Staidéar ar Iompar agus ar Phleanáil Chontae na Gaillimhe (SIPCG) agus le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (PFCG), a leagtar béim iontu ar fhorbairt inmharthana agus ar bhonneagar iompair níos fearr.

Áirítear faoi láthair le príomhdhoiciméid beartais a bhfuil tionchar acu ar phleanáil iompair in Éirinn Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh, Tionscadal Éireann 2040, an Creat Náisiúnta Pleanála, agus an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Moltar sa doiciméid sin gréasáin ghluaiseachta ardcháilíochta lena dtugtar tús áite do choisithe, do rothaithe, agus don iompar poiblí, agus a bhfuil mar chuspóir leo spleáchas ar charranna príobháideacha a laghdú.

Rangaítear Cinn Mhara i bPlean Forbartha an Chontae mar Shráidbhaile Fáis Bhig, agus tuartar go méadófar an daonra faoi 200 go ceann tréimhse an phlean. Sa phlean cuirtear forbairt inmharthana, láir shráidbhailte bhríomhara, agus seirbhísí agus bonneagar níos fearr chun cinn. Áirítear le sainchuspóirí gréasáin choisithe agus rothaíochta, áiseanna iompair phoiblí agus bainistiú tráchta a fheabhsú.

Ar an iomlán, soláthraítear leis an SIP liosta de moltaí lena bhféadfaí timpeallacht iompair atá níos fearr ó thaobh sábháilteacht, inrochtaineacht, agus inbhuanaitheacht de i gCinn Mhara, a léirítear (agus arna múnlú ag) cuspóirí, pleananna agus treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha. Áirítear Tuairisc ar Chomhthéacs Beartais an Gaillimhe in Aguisín A.




Léaráid 2. Comhthéacs Beartais an SIP



CIRCLE

# 3. Coinníollacha Reatha – Príomhdheiseanna agus Príomhdhúshláin Chinn Mhara

## 3.1 Cur Síos ar Limistéar an Staidéir

Is sráidbhaile fáis bhig i gContae na Gaillimhe agus áit thar a bheith mealltach ó thaobh na turasóireachta de é Cinn Mhara a bhfuil clú uirthi as draíocht a cósta agus as a cóngaracht don Bhoirinn agus do Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Áirítear le limistéar an staidéir lár an tsráidbhaile, scoileanna áitiúla, agus na ceantair chónaithe mháguaird.

Dírítear an SIP Chinn Mhara ar cheithre phríomhréimse théamacha atá le feabhsú:








Léaráid 3. Limistéar Staidéir Chinn Mhara

**Tábla 1. Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara – Deiseanna agus Dúshláin**


| Téama an SIP | Deiseanna | Dúshláin |
|---|---|---|
|  Rochtain ar Scoil | Cumhdaíonn limistéar rothaíochta 15 nóiméad na scoile formhór an tsráidbhaile. Le soláthar nasc taistil ghníomhacha atá sábháilte agus tarraingteach (go háirithe siar ó lár an tsráidbhaile) tá deis ann chun aistriú ón gcarr mar mhodh iompair. | Tá dúshláin ag baint le bóithre caola tuaithe agus le spás teoranta do rianta rothaíochta leithscartha. Tá géarghá freisin le sábháilteacht úsáideoirí bóithre gnóthacha amhail an N67 a chinntiú. Áirítear leis sin an soláthar trasrianta coisithe ag suíomhanna iomchuí. |
|  Turasóireacht | D'fhéadfaí turasóireacht a mhéadú i gCinn Mhara a bhuí lena suíomh agus le háiteanna amhail Caisleán Dhún Guaire a mheallann turasóirí. Is féidir borradh a chur faoi líon na gcuairteoirí trí sholáthar áiseanna bus agus trí bhealaí siúil/rothaíochta áille a fheabhsú. | Tá brú á chur ar an mbonneagar áitiúil de dheasca tráchta shéasúraigh tríd an sráidbhaile agus éilimh bhreise ar spásanna páirceála (lena n-áirítear páirceáil do chóistí). Tá sé bunriachtanach cothromaíocht idir riachtanais na dturasóirí agus áisiúlacht agus sábháilteacht na gcónaitheoirí a bhaint amach. |
|  Lár an tSráidbhaile | Trí cheantair na réimsí poiblí a fheabhsú, amhail An Cé, is féidir cur le tarraingteacht an tsráidbhaile. Is féidir timpeallacht atá níos sábháilte agus níos oiriúnaí do choisithe a chruthú le pointí ceansaithe tráchta, le huasghráduithe ar chosáin agus le trasphointí coisithe. | Tá sé ríthábhachtach go mbainistítear páirceáil neamhdhleathach agus plódú le linn imeachtaí áitiúla. Beidh pleanáil chúramach agus tacaíocht an phobail ag teastáil chun córas aontreo agus bearta bainistithe tráchta eile a chur i bhfeidhm. |
|  Nascacht níos Leithne | Is féidir úsáid an bhus a fheabhsú trí chur le stadanna bus agus le háiseanna feithimh. Le rotharbhealaí agus le slite rothar molta, is féidir Cinn Mhara a nascadh le bailte ar na gaobhair agus leis an Rotharbhealach Ghaillimh-Baile Átha Luain. | Roghanna iompair phoiblí teoranta atá ann cheana agus an gá le hinfheistíocht shuntasach sa bhonneagar. Trasnaíonn an bóthar tánaisteach náisiúnta an N67 Cinn Mhara agus mar gheall ar sin, soláthraítear bealach taistil straitéiseach, lena n-áirítear roinnt modhanna iompair phoiblí. Aithnítear agus admhaítear an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis sin. |

# 3.2 Scoil agus Cúram Leanaí Rochtain

Tá dhá scoil i gCinn Mhara atá comhoideachasúil araon: Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh (le tuairim is 330 dalta) agus Coláiste Chnocán na Mara (520 dalta). Soláthraíonn Ionad Cúraim Leanaí Phobal Chinn Mhara (KCCC) (atá suite ar Bhóthar na Gléibe) cúram maidine, lae agus iarscoile do breis agus 200 leanbh, ag tacú le forbairt na luathóige agus leis an bpobal I gcoitinne.

Tá deiseanna ann chun cur le roghanna taistil atá sábháilte agus gníomhach le haghaidh turais chun na scoile agus chun cúraim do leanaí, lena n-áirítear ceansú tráchta, trasrianta coisithe, uasghrádaithe ar chosáin, raonta rothar ar leith agus limistéir scoile.

**Conas a thaistealaíonn leanaí chun na scoile?**





**Léaráid 4. Roinnt Modha – Turais chun an Oideachais (Daonáireamh 2022 – Ceantar Daonra Bhig Chinn Mhara (CDB))**

- Is ionann 50.8% agus cion modha iomlán i measc leanaí a mhaireann i gCinn Mhara agus a shiúlann go dtí an oideachas agus do dtí cúram leanaí, atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 22.9%, agus meán Chontae na Gaillimhe de 10.9%.
- Is fánach í an rothaíocht i measc leanaí áitiúla, ag níos lú ná 1%, i gcomparáid leis an gcion modha náisiúnta de 3%. Féadfar go mbeidh deiseanna ann chun an cion modha rothaíochta a fheabhsú i leith turais a héantar laistigh de limistéar an staidéir.
- Is ionann an 11.4% agus an cion modha iompair phoiblí, i bhfad níos lú ná meán an Chontae de 19.1%. Is dócha gurb ionann a cás mar gheall ar an soláthar áiseanna oideachais áitiúla i gCinn Mhara, rud a laghdaíonn an gá le taisteal agus a spreagann cion modha siúil níos airde.
- Tá an úsáid mhótarfheithiclí le haghaidh turais oideachais i bhfad níos lú i gCinn Mhara (36.8%) ná mar atá sí i gContae na Gaillimhe (68.4%), le líon na ndaltaí a shiúlann chun na scoile i bhfad níos airde ná mar atá sé in aon áit eile.

**Dúshláin roimh an Scoil Rochtain**

- Easpa cosán leanúnach thart ar suíomhanna oideachais agus trasrianta coisithe sábháilte, go háirithe ar an N67 gnóthach
- Cuireann plódú le linn uaireanta bailithe agus fágála le himní sábháilteachta, le spásanna páirceála agus limistéir ligin teoranta do charranna/bhusanna scoile.
- Easpa bearta ceansuithe tráchta lasmuigh de limistéir scoile, rud a bhfuil ardluasanna feithiclí atá ina gcúis chontúirte do choisithe agus do rothaithe mar thoradh air.
- Cuireann cosáin chaola agus easpa rotharlánaí tiomnaithe bac breise ar rochtain shábháilte ar oideachas, rud a éilíonn feabhsúcháin cuimsitheacha ar an mbonneagar taistil gníomhach.
- Easpa bealaí shiúil shábháilte idir shuíomhanna scoile agus an KCCC/Ionad an Phobail, a úsáidtear gach lá faoi láthair mar halla faoi dhíon le haghaidh ceachtanna corpoideachais an Choláiste Chnocán na Mara agus le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt eile.




**Léaráid 5. Suíomhanna Scoile**

## 3.3 Turasóireacht

Tá tóir ar Chinn Mhara mar láthair turasóireachta agus tá clú uirthi as a cuan gleoite agus as a ceantar ar imeall an uisce, as an gCaisleán stairiúil Dhún Guaire, agus as Margadh Feirmeora bríomhar. Is iomaí cuairteoir a mhealltar go dtí an sráidbhaile, go háirithe le linn séasúr na laethanta saoire – le Caisleán Dhún Guaire ar cheann de na deich láithreán is mó a dtugtar cuairt air i nGaillimh, a mheallann breis agus 45,000 cuairteoir in aghaidh na bliana.

Samhlaítear gur féidir na naisc thurasóireachta idir an sráidbhaile agus an caisleán a fhorbairt tuilleadh chun luach áise an cheantair a uasmhéadú, le bealach siúil agus rothaíochta tiomanta tríd an gceantar molta, chun ceantar an chuain a nascadh le glasbhealach an chlárchosáin agus le Caisleán Dhún Guaire.

Tá deiseanna ar leith ar fáil sna ceantair ar imeall an uisce feadh Na Cé agus Bóthair an Tí Chúirte taobh léi (áit a reáchtáiltear Margadh na bhFeirmeoirí), chun an réimse phoiblí a fheabhsú. D'fhéadfadh an ceantar sin a bheith mar chroílár tábhachtach an tsráidbhaile, le tuilleadh spáis cruthaithe trí atheagrú a dhéanamh ar leagan amach na sráide le haghaidh an mhargaidh, chomh maith le deiseanna chun ithe taobh amuigh agus spás fóillíochta agus chun bualadh le daoine – rud a bheidh tairbheach do thurasóirí agus do mhuintir na háite araon.




**Dúshláin roimh an Turasóireacht**

- Is saincheist mhór í an pháirceáil le haghaidh cóistí, le cóistí ag fágáil paisinéirí amach ar an bPríomhshráid go minic nuair nach bhfuil spásanna tiomanta ar fáil, rud a chruthaíonn plódú dá bharr.
- Laghdaítear spás do choisithe le páirceáil neamhdhleathach ar chosáin, rud atá ina ábhar imní ó thaobh sábháilteachta de.
- Easpa páirceála poiblí sábháilte do rothair I lár an tsráidbhaile chun tacú le rotharthurasóireacht.
- Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfear le tarraingteacht an tsráidbhaile do chuairteoirí chun an turasóireacht a spreagadh agus a fhás, rud a chiallaíonn go mbeidh feabhsaithe i spásanna agus ar áiseanna poiblí ag teastáil.

Tá cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na gcuairteoirí agus na gcónaitheoirí ag baint leis an turasóireacht a bhainistiú go héifeachtach, chun forbairt inmharthana a chinntiú, agus draíocht an tsráidbhaile a choimeád. Beidh iarrachtaí comhordaithe ó thaobh bainistiú tráchta, uasghrádaithe ar an mbonneagar, agus rannpháirtíocht an phobail ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.





# 3.4 Lár an tSráidbhaile

Tá meascán deiseanna miondíola, seirbhíse agus fóillíochta ar fáil i Lár an tSráidbhaile Chinn Mhara, atá mar chroílár an phobail áitiúil. Tá an sráidbhaile nasctha go maith leis an N67 agus le bóithre áitiúla. Is bealach straitéiseach é an N67 gur bóthar tánaisteach náisiúnta é ó thaobh nascacht thraschontae agus thrastíre araon de.

**Gréasán Siúil atá ann cheana**

Is chuid den ghréasán siúil atá ann cheana iad na cosáin atá ar fhormhór na sráideanna i lár an tsráidbhaile, ach is minic gur caol a bhíonn siad sin, le saincheisteanna sábháilteachta d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus dóibh siúd le bugaithe. Le linn buaicshéasúr na laethanta saoire, bíonn cosáin plódaithe, rud a chuireann iallach ar dhaoine siúl ar an mbóthar.


Tá easpa cosán ar roinnt mhaith na mbóithre áitiúla, agus ní leor iad na háiseanna trasrianta, go háirithe gar do scoileanna agus do Bhóthar na Maí / don Fhaiche Spóirt CLG. Tá luasteorainn de 60k in aghaidh na huaire achar gearr lastall de lár an tsráidbhaile.

**Gréasán Rothaíochta atá ann cheana**

Níl áiseanna tiomanta faoi láthair, lena n-áirítear páirceáil do rothair, mar chuid den ghréasán rothaíochta atá ann cheana i gCinn Mhara. Bíonn coinníollacha contúirteacha don rothaíocht de bharr an easpa sin, in éineacht leis an méid ard tráchta feadh an bhóthair náisiúnta. Rinneadh moltaí, áfach, chun rotharbhealach úsáide chomhroinnte 4km a fhorbairt feadh an N67, a nascfaidh Caisleán Dhún Guaire leis An gCé. Ina theannta sin, cuirfear leis an Rotharbhealach ó Gaillimh go Baile Átha Luain, a rachaidh thar an tsráidbhaile ar thaobh thoir de, le nascacht le háiteanna ar na gaobhair.

**Conas a bhíonn daoine ag taisteal i gCinn Mhara?**

- I gCinn Mhara, déantar 11.3% de thimaistir chun na hoibre trí shiúl nó trí rothaíocht, le siúl ag 10.4% agus rothaíocht ag 0.9%. Is íseal an ráta rothaíochta sin ach is gnách é faoin tuaithe i nGaillimh.
- Tá siúl os cionn meán an chontae de 4.6%, ag 10.4% le haghaidh turais chun na hoibre. Is ionann iompar poiblí agus 2.6% de thimaistir, cosúil le meán an chontae.
- Úsáideann formhór na ndaoine (68.2%) carranna príobháideacha, atá níos lú ná meán an chontae de 80.7%, ach atá ionann agus an meán náisiúnta de 68%.
- Ina theannta sin, oibríonn 18.2% de chónaitheoirí ón mbaile, méadú mór ó 2016 mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19.




**Léaráid 6. Cion Modha – Turais chun na hOibre (Daonáireamh 2022 – Ceantar Daonra Bhig Chinn Mhara (CDB))**

**Dúshláin a bhaineann le rochtain shiúil agus rothaíochta ar lár an tsráidbhaile**

- Ardchion modha cairr le haghaidh taisteal chun na hoibre.
- Tá saincheisteanna sábháilteachta dochoisithe ag baint le cosáin chaola a bhíonn plódaithe go minic, go háirithe gar do Chearnóg an Mhargaidh agus don Chuan.
- Tá easpa áiseanna trasriain sábháilte do choisithe agus ardluasanna tráchta laistigh den sráidbhaile.
- Ina theannta sin, níl aon áiseanna rothaíochta tiomanta, agus ní spreagtar rothaíocht sábháilte leis an mbonneagar bóthair atá ann cheana.
- Cuireann trácht séasúrach agus páirceáil neamhdhleathach leis an gcastacht ó thaobh rochtain de, fad a chuireann dlúthleagan amach agus sráideanna caola an tsráidbhaile teorainn le deiseanna feabhas suntasach a chur ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh.



# 3.5 Nascacht níos Leithne

Baineann Cinn Mhara tairbhe as an mbóthar náisiúnta an N67 agus as seirbhís rialta Bhus Éireann, agus as naisc áitiúla bhreise leis an M18 atá sách cóngarach. D'fhéadfaí tacú tuilleadh le fás eacnamaíoch i gCinn Mhara le háiseanna Taistil ghníomhaigh, le háiseanna staid iompair phoiblí agus le bainistiú páirceála.

**Seirbhísí Iompair Phoiblí atá ann cheana**

Téann an bealach 350 Bhus Éireann siar is aniar idir Gaillimh agus Inis sé uair in aghaidh an lae Luan go hAoine. Ina theannta sin, freastalaítear ar Chinn Mhara leis an mbealach C8 Naisc Áitiúil, a bhraitheann ar éileamh, a théann ar chamchuairt ón nGort tríd an gCarn agus trí Bhéal an Chloga. Tá stáisiún traenach in Ard Raithin (8.5km ó Chinn Mhara) a bhfreastalaítear air le cúig thraein fhillte gach lá go Cathair na Gaillimhe.

**Gréasán Bóithre agus Páirceáil atá ann cheana**

Tá Cinn Mhara nasctha go maith le bóithre straitéiseacha, leis an N67 ag freastal mar an bpríomhbhealach, agus trácht séasúrach trom air de dheasca Slí an Atlantaigh Fhiáin. Cuirtear leis an rochtain le Céim 2 de thionscadal Athailínithe an Bhóthair N67 ó Bhaile an Doirín go Cinn Mhara. Tá rochtain ar an mbaile freisin leis the R347 go dtí an M18 ag Cill Tiarnáin, 8km i bhfad. Nasctar Cinn Mhara le mionbhóithre leis an nGort agus le bailte níos lú taobh thiar thuaidh de agus feadh an chósta.

Áirítear le páirceáil carrchlós poiblí ag an gcuan (lena n-áirítear páirceáil do chóistí), páirceáil ar an tsráid i lár an tsráidbhaile, agus carrchlóis bhreise gar do Chaisleán Dhún Guaire agus don Crane Centre. Rinneadh nóta den ardéileamh ar pháirceáil agus ar sheirbhísiú gar don chuan agus don Phríomhshráid. Tá teorainn le ceantair pháirceála/thuirlingthe do carranna/busanna scoile ag na scoile áitiúla, mar a léirítear i Léaráid 8.

**Dúshláin roimh Nascacht níos Leithne**

- Tá teorainn le naisc iompair phoiblí Chinn Mhara le bailte áitiúla agus le príomhshuíomhanna, agus dá bharr sin bíonn sé deacair do chónaitheoirí brath ar iompar poiblí chun taisteal go laethúil. Tá srianta leis na háiseanna iompair phoiblí atá ann cheana freisin ó thaobh spás de (e.g. stadann bus agus lánaí bus).
- Bíonn trácht trom sa sráidbhaile le linn an tséasúir thurasóireachta, go háirithe ar an N67, atá mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is gá feidhmiú an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta a chosaint, fad a dhéantar trácht tríd an tsráidbhaile a bhainistiú go sábháilte, go háirithe le linn an tséasúir turasóireachta.
- Tá easpa áiseanna páirceála fadtéarmacha do chóistí turasóireachta sa bhaile, agus dá bharr sin bíonn saincheisteanna sábháilteachta i lár sráidbhaile a bhíonn plódaithe – le daoine ag tuirlingt as cóistí ar an bPríomhshráid nuair nach bhfuil spásanna páirceála tiomanta do chóistí ar fáil.




Léaráid 7 Nascacht Iompair Phoiblí↦




Léaráid 8. Gréasán Bóithre


THE DOWNTOWN
COFFEE CAFE
Heineken
HEALING HARVEST

# 4. Cuspóirí Iompair agus Éileamh ar Thaisteal Amach Anseo

## 4.1 Cuspóirí Iompair

D'eascair cuspóirí an SIP Chinn Mhara ó athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais níos leithne atá mar bhonn eolais faoi sheachadadh forbartha inmharthana. Cónascadh sin le cinntí measúnaithe bhonnlíne agus rannpháirtíochta le Comhairle Contae na Gaillimhe. Bhí príomhchuspóirí beartais ó Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-28 lárnach ó thaobh an SIP (amhail an *ÚCTPT 1 Iompar Inmharthana*, atá i gceist leis aistriú a spreagadh i dtreo modhanna iompair inmharthana agus íseal-charbóin, trí mhodhanna iompair eile, pobail insiúlta agus taisteal gníomhach a chur chun cinn in éineacht le dlúthfhoirmeacha uirbeacha atá cóngarach do chonairí iompair phoiblí a chur chun cinn chun pátrúin ghluaisteachta atá níos inmharthana a spreagadh) a mhúnlú chomh maith le cuspóirí lena n-éascófar fás, forbairt inmharthana láir shráidbhailte bhríomhara a chur chun cinn amach anseo.


**Tábla 2. Cuspóirí an SIP**

| Dúshlán | Cuspóirí |
|---|---|
|  Rochtain ar Scoil | Sábháilteacht a fheabhsú do dhaltaí a shiúlann agus rothaíonn go dtí an scoil, chun turais thaistil ghníomhaigh chun an oideachais a mhéadú agus chun tacú le bealaí atá níos sábháilte chun na scoile. |
|  Turasóireacht | Tarraingteacht an tsráidbhaile mar shuíomh turasóireachta do chách a mhéadú, go háirithe dóibh siúd a thaistealaíonn sa chóiste, sa bhus nó ar rothar. |
|  Lár an tSráidbhaile | Gréasán taistil ghníomhaigh atá sábháilte agus inrochtana a chruthú, trasrianta coisithe sábháilte a sholáthar agus cur le nascacht fad a fheabhsaítear spásanna poiblí an phobail thart ar Lár an tSráidbhaile. |
|  Nascacht níos Leithne | A: Iompar poiblí: Stadanna bus, áiseanna feithimh agus páirceáil do chóistí a fheabhsú chun an úsáid iompair phoiblí a mhéadú i leith cianturais go dtí/ó cheantar an staidéir.<br>B: Gréasán bóithre: An feidhmiú straitéiseach agus leibhéil shábháilteachta ar an ngréasán bóithre náisiúnta a chaomhnú, I gcomhréir leis na ceanglais bheartais oifigiúil, ag cinntiú go ndéantar úsáideoirí bóithre leochaileacha a mheas agus go ndeartar dóibh mar is cuí. |

## 4.2 Éileamh ar Thaisteal Amach Anseo

I dteannta an athbhreithnithe ar coinníollacha sa lá atá inniu ann i gCinn Mhara, rinne an fhoireann staidéir scrúdú ar an Léarscáil Zónála Úsáide Talún Chinn Mhara. Áirítear sa phlean forbairtí inlíonta cóngarach do lár an tsráidbhaile. Níltear ag súil go ndéanfar aon athruithe ar phátrúin thaistil chun na scoile nó chun an ionaid oibre ach amháin fás an daonra a thuartar.

Léirítear na tailte arna n-aithint sa phlean zónála Chinn Mhara mar Chéim Chónaithe 1 sa léaráid laistíos. Tá dhá fhearann talaimh de chuid céim 1 ar an taobh thoir theas de lár ab tsráidbhaile. Tá fearainn thalaimh bhreise de chuid céim 1 suite ar thaobh thoir agus ar thaobh thiar thuaidh de cheantar an phlean.





**Léaráid 9. Zónáil Úsáide Talún**

# 4.3 Pleananna Iompair Amach Anseo

I dteannta na moltaí arna n-aithint i gCaibidil 5, tá pleananna á ndéanamh go leanúnach ar leibhéal náisiúnta chun taisteal gníomhach agus inmharthana a fheabhsú. Le linn na forbartha ar na moltaí iompair a leagtar amach i gCuid a Cúig, rinneadh measúnú ar chur chun feidhme leanúnach na straitéise náisiúnta rothaíochta *CycleConnects* agus *an Phlean Ghluaisteachta Thuaithe Éire á Nascadh* ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI). Leagtar amach laistíos tionchar na bpleananna sin I ndáil le nascacht Chinn Mhara a fheabhsú leis an gceantar níos leithne.

## CycleConnects

Mar chuid de fhorbairt na roghanna taistil ghníomhaigh, rinneadh na rotharbhealaí molta atá leagtha amach laistigh de chlár *CycleConnects* an ÚNI a scrúdú i ndáil le Cinn Mhara. Is í aidhm *CycleConnects* ná taisteal inmharthana a fheabhsú trí ghréasán rothaíochta áisiúil agus inrochtana a sholáthar a bhféadfaí níos mó turas a dhéanamh go sábháilte air, ag nascadh níos mó daoine le níos ó áiteanna. Beartaítear go bhforbrófar rotharbhealaí idiruirbeacha chun Cinn Mhara a nascadh leis an nGort agus le Baile an Doirín, agus le gréasáin na bealaí ar fud na tíre. Ina theannta sin, is príomhthionscadal de chuid *CycleConnects* é an Rotharbhealach Ghaillimh – Béal Átha Luain, le bealach táscach a nascfaidh Cinn Mhara leis an nGort, le Port Omna agus le Baile Átha Luain, sula dtéann sé ó thuaidh i dtreo Chathair na Gaillimhe trí Órán Mór.





**Léaráid 10. CycleConnects**

## Éire a Nascadh

Is í *aidhm an Phlean Ghluaisteachta Thuaithe Éire* a Nascadh ná nascacht iompair a mhéadú do dhaoine a mhaireann faoin tuaithe in Éirinn trí na seirbhísí bus atá ann cheana a fheabhsú, seirbhísí nua a sholáthar agus an gréasán Iompair a Fhreagraíonn ar Éileamh reatha (IFÉ) a fheabhsú dóibh siúd a mhaireann i gceantair iargúlta.

Mar chuid den chlár sin, déanfaidh an ÚNI faireachán ar an mBealach 350 reatha ó Ghaillimh go hInis chun a chinntiú go gcomhlíontar éilimh ar thaisteal an cheantair ó thaobh acmhainne agus minicíochta de, de réir agus a fhorbraítear an gréasán bus níos leithne.




**Léaráid 11. Feabhsuithe Bus Éire á Nascadh**



# 5. Staidéar ar Iompar Pobail

## 5.1 Forbairt ar Roghanna

Forbraíodh roinnt roghanna iompair* chun plé a dhéanamh leis na deiseanna agus na dúshláin a fuarthas sa mheasúnú tosaigh ar Chinn Mhara, agus a comhlíonadh cuspóirí an SIP freisin. Cruthaíodh an liosta sin de bhearta SIP le hionchur ó fhoireann staidéir níos mó, lena n-áirítear comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus den Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), trí na céimeanna seo a leanas:

- Sonraí a athbhreithniú chun bearta a aimsiú i mbeartais, i bpleananna agus i straitéisí níos leithne atá bainteach le ceantar an staidéir.
- Cuairteanna ar shuíomhanna i gCinn Mhara chun breathnú ar na fadhbanna arna n-aithint sa mheasúnú tosaigh agus chun deiseanna feabhsaithe féideartha a aimsiú.
- Rannpháirtíocht ghníomhach pháirtithe leasmhara áitiúla.
- Ceardlanna a reáchtáil le hinnealtóirí an cheantair áitiúil agus leis an bhfoireann staidéir chun roghanna féideartha maidir le bearta an SIP a phlé agus a chomhaontú.

## 5.2 Measúnú ar Roghanna




**Léaráid 12. Ordlathas Modhach agus na nIdirghabhálacha CINIÉ**

Rinneadh measúnú ar bhearta féideartha chun na moltaí is fearr a roghnú don SIP. Rinneadh an measúnú sin de réir treoirlínte an Chreata Infheistíochta Náisiúnta um Iompar in Éirinn (CINIÉ) de chuid na Roinne Iompair.

Mar atá leagtha amach sna treoirlínte sin, tugadh tús áite do roghanna siúil agus rothaíochta, do roghanna iompair phoiblí ina dhiaidh sin, agus ar deireadh do thrácht cairr. Rinneadh feabhsuithe agus barrfheabhsú a dhéanamh ar áiseanna iompair atá ann cheana a mheas sular moladh bonneagar iompair nua.

## 5.3 Bearta SIP Molta

Tugtar achoimre sna codanna seo a leanas ar na bearta molta gur cuid den Staidéar ar Iompar an Phobail iad.

Cruthaíodh na bearta iompair sin chun an príomhbhonneagar iompair atá ag teastáil i gCinn Mhara a aithint. Is é an cuspóir leis sin ná gach cineál turas agus modhanna iompair a mheas agus chun bearta féideartha a aithint agus a chur I láthair a d'fhéadfaí a chur chun cinn (faoi réir próisis mhaoinithe agus reachtúla).


Déantar fás an daonra a bhfuiltear ag súil leis, an cur chun cinn roghanna taistil inmharthana, agus tacú le gnólachtaí áitiúla agus leis an turasóireacht sa sráidbhaile a mheas sa staidéar freisin.

Cloífidh gach beart a bheidh tionchar aige ar an N67 agus ar an Líonra Bóithre Náisiúnta le Caighdeáin Foilseachán BIÉ, lena n-áirítear an ceanglas maidir le Tuarascálacha Dearaidh.


* Beidh gach beart SIP arna moladh faoi réir cead maoinithe agus peanála.

**Tábla 3. Téarmeolaíocht Bhirt Thaistil Ghníomhaigh**

| IDIRGHABHÁIL | SAMPLA D'ÍOMHÁ |
|---|---|
| **Limistéar Scoile:** Oibreacha ar thosach na scoile chun tús áite a thabhairt do sábháilteacht na gcoisithe agus na rothaithe lasmuigh de geata na scoile, chun feiceálacht na scoile a fheabhsú le comharthaí agus le spás a chruthú, plódú feithicle a laghdú agus páirceáil neamhdhleathach a chosc sa cheantar. |  |
| **Ceansú Trácht:** bearta (lena n-áirítear trasrianta coisithe) chun luas na bhfeithiclí a laghdú agus timpeallacht atá níos sábháilte a chruthú do choisithe agus do rothaithe. Áirítear le gnáthbhearta lánaí tráchta a chaolú, trasrianta coisithe a ardú, acomhail a theannadh agus luasteorannacha a laghdú. |   |
| **Naisc tréscaoilteachta:** gearrnaisc shiúil agus rothaíochta feadh línte ar leith lena méadófar inrochtaineacht agus lena laghdófar achair trí aicearraí a sholáthar do choisithe agus do rothaithe. |  |
| **Raonta Rothar:** lánaí rothar deighilte ó thrácht feithiclí le bacainn fhisiciúil (e.g. colbha nó mullaird). |  |
| **Bealach Ciúin:** sráid ísealtráchta (níos lú ná 200 feithicil le linn na buaicuaire) agus ísealluais ar féidir le rothaithe an carrbhealach a roinnt go sábháilte. Áirítear le gnáthbhearta breise ceansú tráchta, tírdhreachú agus comharthaíocht fheabhsaithe. |  |
| **Glasbhealach / Rotharbhealach:** conair easbhóthair le úsáid ag rothaithe, ag coisithe agus ag neamh-mhótariompar eile, go minic i gceantair áille le rochtain ar an dúlra agus ar cheantair uirbeacha, ag nascadh ceantair chónaithe le príomhshuíomhanna. |  |




Léaráid 13. Gréasán SIP Chinn Mhara Molta




| Cód Aitheantais | Cur Síos |
|---|---|
| TG1 | Ceansú tráchta agus cosáin, ag cur leis an gcosán atá ann cheana chuig an bhfaiche CLG. Uasghrádú acomhail ar acomhal an N67/L8587. |
| TG2 | Raon rothar leithscartha ón L8587 go dtí Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh. |
| TG3 | Ceansú tráchta agus cosáin a soláthar feadh an L8570 (Bóthar an Chlochair), agus feadh an bhóthair fhreastail a nascann leis an N67. |
| TG4 | Limistéar scoile lasmuigh de SN Naomh Seosamh chun sábháilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe. |
| TG5 | Feabhsuithe féideartha ar thréscaoilteacht mar bhealach malartach in ionad an the N67 le haghaidh rochtain idir suíomhanna an phobail. |
| TG6 | Sráid thráchta íseal le luasteorainneacha níos ísle agus ceansú trácht molta chun sábháilteacht a chinntiú. |
| TG7 | Trácht a cheansú agus cosáin a leathnú chun sábháilteacht agus tarraingteacht an tsráidbhaile a mhéadú, le hidirghabhálacha féideartha sa réimse phoiblí feadh na príomhshráide. |
| TG8 | Sráid thráchta íseal le luasteorainneacha níos ísle agus ceansú trácht molta chun sábháilteacht a chinntiú. |
| TG9 | Síneadh a chur leis an rotharbhealach molta feadh na Cé chun cur le háisiúlacht ar imeall an uisce. |
| TG10 | Rotharbhealach/cosbhealach feabhsaithe do rothaithe agus do choisithe idir an sráidbhae agus Caisleán Dhún Guaire/lastall de. |
| TG11 | Ceansú tráchta agus uasghrádaithe/soláthar cosán chun freastal ar thithe atá ann cheana agus a thógfar amach anseo. |
| TG12 | Limistéar scoile lasmuigh de Bhealach Isteach Choláiste Chocán na Mara chun sábháilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe. |
| TG13 | Ceansú tráchta agus uasghrádaithe/soláthar cosán chun freastal ar thithe atá ann cheana agus a thógfar amach anseo. |
| TG14 | Limistéar scoile lasmuigh de Bhealach Isteach Choláiste Chocán na Mara ar an N67 chun sábháilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe. |

**Léaráid 14. Gréasán Taistil Ghníomhaigh Molta**

# 5.4 Rochtain ar Scoil

## Taisteal chun na Scoile agus chun na Limistéar Scoile

Is cuspóir mór na hInfheistíochta i dTaisteal Gníomhach ná taisteal níos sábháilte chun scoileanna a chruthú do choisithe agus do rothaithe. Tá roinnt bóithre caola tuaithe ag Cinn Mhara a fhágann an N67, atá ró-chaol chun cosáin agus raonta rothar ar leith a chur orthu gan an bóthar a leathnú go suntasach agus gan talamh breise a cheannach.

Ina theannta sin, caolaíonn an N67 trí lár an tsráidbhaile, agus os rud é gur bóthar náisiúnta atá i gceist, ní mór dó tacú le trácht dhá threo agus tá sé tábhachtach ó thaobh nascacht straitéiseach de meas a léiriú agus leibhéal an tseirbhíse sin a choimeád. Tá sé dúshlánach dá bharr sin rotharbhealaí fairsinge ar leith a sholáthar. D'fhéadfaí níos mó daltaí a spreagadh chun siúl chun na scoile, áfach, le trasrianta coisithe feabhsuithe agus le ceansú tráchta.


Chun tacú le méadú ar an rothaíocht chun na scoile, rinneadh gréasáin de bhealaí rothaíochta a aithint, léirítear meascán de raonta rothar agus de bhealaí ciúine, a mbeidh rothaíocht ar an tsráid níos sábháilte. Léirítear na bealaí sin i ndearg ar an léarscáil, ag nascadh leis na scoileanna.

Áirítear sa phlean raonta rothar ar leith ag dá cheann an bhaile feadh an N67 agus spás na ngruanna, sráideanna freastail, agus na cosáin easbhóthair atá ann cheana ar an taobh thiar cheana a úsáid. Nasctar leosan le Limistéir Scoile agus le sráideanna ciúine i lár an tsráidbhaile a bhfuil spás bóithre srianta.

Chun tacú leis na bealaí sin, d'fhéadfaí cruthú Limistéir Scoile lasmuigh den dá bhealach isteach sa scoil (TG4, TG 12 agus TG14) a bhunú. Dírítear le Limistéir Scoile ar shábháilteacht do choisithe agus do rothaithe gar do gheataí na scoile. Cabhraítear le Limistéir Scoile freisin le coimhlintí a laghdú idir leanaí atá ag siúl gar do gheataí na scoile agus do charranna atá ag bailiú nó as a dtuirlingíonn daltaí, ag déanamh an ceantar níos sábháilte do chách.

Áirítear sa phlean raonta rothar ar leith ag dá cheann an bhaile feadh an N67 agus spás na ngruanna, sráideanna freastail, agus na cosáin easbhóthair atá ann cheana ar an taobh thiar cheana a úsáid. Nasctar leosan le Limistéir Scoile agus le sráideanna ciúine i lár an tsráidbhaile, a bhfuil spás bóthair srianta.

Tacaítear leis an bplean freisin le nasc siúil feabhsaithe a phlé chun SN Naomh Seosamh a nascadh le KCCC, ag ligean do bealach coisithe eile go dtí an N67 don fhoireann agus do leanaí ag aistriú idir na suíomhanna.




**Léaráid 15. Bealaí Sábháilte chun na Scoile**



**Léaráid 16. Sampla de Limistéar Scoile**

# 5.5 Turasóireacht

**Rotharbhealach / Cosbhealach Chaisleán Dhún Guaire comhroinnte ar an N67 (TG9 agus TG10)**

Is é aidhm an bhirt seo ná nascacht a fheabhsú idir an tsráidbhaile agus Caisleán Dhún Guaire, ag soláthar naisc choisithe agus rothaíochta níos fearr. Cuirfear le bearta leis an gcosán agus leis an rotharbhealach a cuireadh í gcrích le déanaí a seachadadh mar chuid de Chéim 2 de Athailíniú an Bhóthair N67 ó Bhaile an Doirín go Cinn Mhara ar thaobh thoir de Chinn Mhara.

Beartaítear go n-oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht le Bonneagar Iompar Éireann (BIÉ) agus leis an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun réitigh iompair iomchuí inmharthanaa aithint chun an bealach taistil ghníomhaigh ón sráidbhaile go dtí Caisleán Dhún Guaire a fheabhsú agus chun tacú le fás na turasóireachta laistigh de Chinn Mhara.

- É a dhéanamh níos éasca do dhaoine siúl agus rothaíocht siar is aniar idir an Caisleán agus an sráidbhaile (lena n-áirítear ceantar an ché).
- Páirceáil a sholáthar do bhusanna turais gar do Chaisleán Dhún Guaire, agus leis sin, turasóirí a chur ar a gcumas sult a bhaint as siúlóid álainn go Cinn Mhara fad a laghdaítear an gá le páirceáil fhadtéarmach do chóistí sa tsráidbhaile.

**An Ché (Ceantar Béime Réimse Poiblí)**

D'fhéadfaí mol lárnach a dhéanamh don sráidbhaile de na Ceantair Chinn Mhara atá ar imeall an uisce, lena n-áirítear An Ché agus Bóthar Thigh na Cúirte a mbíonn margadh na bhfeirmeoirí ar siúl, ag soláthar spás feabhsaithe don phobal.

Chun an spás sin atá thart an An gCé a fheabhsú, lena n-áirítear feabhsuithe feadh na cé (TG9), moltar córas tráchta aontreo: ó dheas ar Bhóthar Thigh na Cúirte agus ó thuaidh feadh Na Cé (le cóiríocht do Mhargadh seachtainiúil na bhFeirmeoirí).

Is éard atá i gceist leis an athrú sin ná tuilleadh spáis a chruthú do Mhargadh na bhFeirmeoirí ar Bhóthar Thigh na Cúirte, chomh maith le cosáin níos leithne, tírdhreachú feabhsaithe agus tuilleadh spáis chun ithe amuigh faoin aer a sholáthar.



Mar chuid de na hathruithe sin, déanfar páirceáil ar an tsráid a bharrfheabhsú agus a mheasúnú chun a chinntiú go gcoimeádfar soláthar do chónaitheoirí.

Is í an aidhm atá leis na roghanna sin feadh sráideanna tábhachtacha an tsráidbhaile ná cur le deiseanna chun idirghníomhú, chun bualadh le daoine agus deiseanna fóillíochta sa sráidbhaile, chun croílár an tsráidbhaile a dhéanamh den cheantar atá ar imeall an uisce.

D'fhéadfaí páirceáil phoiblí nua do rothair a áireamh freisin mar chuid de na feabhsuithe sin, lena bhfreastalófar do chónaitheoirí agus do thurasóirí araon.



# 5.6 Lár an tSráidbhaile

**Uasghráduithe ar an L8587 (Bóthar Mhaí, i ndiaidh páirceanna an CLG pitches go dtí crosaire an N67) (TG1)**

**Ceansú Tráchta (lena n-áirítear Trasrianta Coisithe) agus Uasghrádaithe ar Chosáin**

Moltar an cosán go dtí páirc an CLG atá ann cheana a fheabhsú agus bearta ceansaithe thráchta sa cheantar cónaithe sin sábháilte ar na bóithre a mhéadú agus chun tuilleadh turas taistil ghníomhaigh a chumasú go dtí páirc an CLG agus go dtí lár an tsráidbhaile. Moltar Uasghrádú Taistil Ghníomhaigh ar Acomhal an N67/L8587 freisin.

**Uasghráduithe ar Bhóthar an Ghoirt (L4508) (TG11)**

**Ceansú Tráchta (lena n-áirítear Trasrianta Coisithe) agus Uasghrádaithe ar Chosáin**

Bearta ceansaithe thráchta, chomh maith le cosáin fheabhsaithe agus nua chun freastal ar na cónaitheoirí reatha ar dhóigh níos fearr agus chun tacú le forbairt nua de chuid Céime a hAon ar thalamh feadh an L4508. Is féidir an ceantar a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana do chách leis na feabhsuithe sin, agus taisteal atá níos éasca agus níos fearr ó thaobh nascacht de a chinntiú.

**Uasghráduithe ar an L4509 (Bóthar an Ghoirt laistiar de Choláiste Chnocán Mara) (TG13)**

**Ceansú Tráchta (lena n-áirítear Trasrianta Coisithe) agus Uasghrádaithe ar Chosáin**

Bearta ceansaithe thráchta agus uasghrádú ar chosáin chun freastal ar dhóigh níos fearr ar bhailte atá ann ceana, ar na thailte forbartha de chuid céime a haon, agus ar shlí isteach ar chúl Coláiste Chnocán na Mara feadh an L4509. Is féidir plé le slite freisin chun dul i ngleic le fadhb na gcarranna ag páirceáil ar chosáin chun cosáin atá níos

**Uasghráduithe ar Bhóthar an Chlochair (L8570) (TG3)**

**Ceansú Tráchta (lena n-áirítear Trasrianta Coisithe) agus Uasghráduithe ar Chosáin**

An L8570 (Bóthar an Chlochair) agus an bóthar freastail a nascann leis an N67 a fheabhsú trí bhearta ceansaithe thráchta agus cosáin níos fearr a sholáthar. Leis na hathruithe sin is féidir cabhrú leis an gceantar a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, ag cur le nascacht ar mhaithe le héascaíocht ghluaisteachta.

**Áiseanna Rothaíochta Leithscartha ar an N67 (ón L8587 go dtí Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh) (TG2)**

**Raonta Rothar Leithscartha Uasghráduithe ar Chosáin**

Raon rothar leithscartha feadh an N67 (ón L8587 go dtí Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh) ag úsáid bóithre freastail, gruanna agus cosáin eas-sráide a leathnú. Nascfar leis sin bailte áitiúla leis an scoil tríd an Limistéar Scoile (TG5), agus leis an sráidbhaile, rud a dhéanfaidh siúl agus rothaíocht níos sábháilte agus níos éasca.

**Uasghrádaithe ar Acomhail**

Moladh uasghrádaithe ar roinnt acomhal ar shráideanna Chinn Mhara chun trasrianta atá níos sábháilte a sholáthar do choisithe agus do rothaithe, le acomhail a athdhearfar chun achair na trasrianta agus luas na bhfeithiclí a laghdú. Dhéanfaí bearta a aithint le linn an phróisis roghnaíochta chomh maith le céim dhearaidh shonrach le haghaidh gach uasghrádú molta.

**Feabhsuithe ar Phríomhshráid (TG7)**

**Ceansú Tráchta (lena n-áirítear Trasrianta Coisithe), Uasghráduithe ar Chosáin agus Feabhsuithe ar an Réimse Phoiblí**

Bearta chun trácht a cheansú agus cosáin a leathnú feadh na Príomhshráide chun sábháilteacht agus tarraingteacht lár an tsráidbhaile a mhéadú, chomh maith le hidirghabhálacha féideartha ar an réimse phoiblí feadh na Príomhshráide chun cur le deiseanna le haghaidh idirghníomhaíochtaí agus taitneamh pobail i sráidbhaile Chinn Mhara.







# 5.7 Nascacht níos Leithne

## A: Iompar Poiblí

Bíonn an-tóir ar Chinn Mhara mar shuíomh turasóireachta, go háirithe i rith an tsamhraidh, de deasca a suímh ar an gcósta agus Caisleán Dhún Guaire agus áiteanna amhail Caisleán Dhún Guaire. Tá sé mar aidhm an togra Éire á Nascadh ná an busbhealach 350 bus inrochtana a dhéanamh agus áiseanna a fheabhsú do chóistí turasóireachta. Áirítear leis sin stadanna bus agus ceantair fheithimh a uasghrádú.

Faoi láthair, freastalaítear ar Chinn Mhara leis an mbusbhealach 350, a nascann le Gaillimh, le hInis, agus le bailte eile ar na gaobhair. Níl aon athruithe beartaithe ar sheirbhísí iompair phoiblí Chinn Mhara faoin togra Éire á Nascadh. Faoi láthair, stopann an bus 350 bus i lár an tsráidbhaile, gar don Crane Centre (Spar), ar gach thaobh den bhóthar N67. Tá easpa bonneagair fheithimh do phaisinéirí ag na stadanna sin faoi láthair.



Cé nach bhfuil an seachadadh seirbhísí bus feabhsaithe laistigh de scóip an SIP, oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go hongnhníomhach leis an ÚNI chun leibhéil na seirbhísí ar bhealach 350 fheabhsú, agus ar aon bhusbhealaí nua gur féidir a thabhairt isteach chun freastal ar an sráidbhaile (IP1), mar a leagtar amach in *Éire á Nascadh*.

Áirítear le feabhsuithe molta (bearta IP2 agus IP3) cuaille bus le faisnéis amchláir, foscadán agus binse feithimh a chur do phaisinéirí, marcanna bóthair do stad an bhus, agus cosáin ardaithe le pábháil thadhaill dóibh siúd a bhfuil lagú gluaisteachta agus radhairc acu.

Do chóistí turasóireachta, aithnítear leis an SIP deis fhadtéarmach chun an carrchlós atá os comhair Caisleán Dhún Guaire a úsáid mar pháirceáil bhreise do chóistí (IP4). D'fheidhmeodh sin in éineacht leis an bpáirceáil do chóistí atá ann cheana i lár an bhaile, rud a chuirfeadh síneadh ama le fad cuairteanna agus acmhainneacht mhéadaithe le haghaidh cóistí. D'fhéadfaí cuairteoirí a ligean amach/a bhailiú laistigh de lár an tsráidbhaile, le cóistí ag páirceáil ansin ag an gcaisleán.

I gcás a gcuirfear an nasc taistil ghníomhaigh fheabhsaithe a moladh i bhfeidhm idir an caisleáin agus an sráidbhaile, d'fhéadfadh cóistí páirceáil freisin ag an gcaisleán, le turasóirí ag siúl ansin chun tsráidbhaile. Do chóistí is gá leo dul isteach sa sráidbhaile, is féidir leis na stadanna bus uasghrádaithe ceantar níos sábháilte a sholáthar do phaisinéirí dul isteach sa bhus agus amach as.

San fhadtéarma amach anseo, féadfar go bhféadfaí an áis in aice leis an gcaisleán a fhorbairt ina Mol Gluaisteachta, ag soláthar páirceáil do rothair, áiseanna luchtaithe do fheithiclí leictreacha, faisnéis iompair agus bonneagar stad bhus chun tacú le hidirathruithe.






**Léaráid 17. Straitéis Iompair Phoiblí**

**Tábla 4. Bearta Iompair Phoiblí agus Cóiste**

<table>
<tr><th>Cód Aitheantais</th><th>Suíomh</th><th>Beart</th></tr>
<tr><td>IP1</td><td>N/B</td><td>Oibriú go hongnhníomhach leis an ÚNI chun leibhéil na seirbhísí ar bhealaí bus a fhreastalaíonn ar Chinn Mhara a fheabhsú</td></tr>
<tr><td>IP2</td><td>Stad Bus an N67 Siar</td><td rowspan="2">Oibriú leis an ÚNI chun suíomhanna a aithint atá oiriúnach do áiseanna stad bhus nua ar thaobh thiar den shráidbhaile agus ar an taobh thoir ag an gCaisleán agus an bonneagar feithimh stad bhus atá ann cheana a fheabhsú</td></tr>
<tr><td>IP3</td><td>Stad Bus an N67 Soir</td></tr>
<tr><td>IP4</td><td>Carrchlós Chaisleán Dhún Guaire</td><td>Deis fhadtéarmach do chóistí chun an carrchlós a úsáid chun páirceáil go fadtéarmach, agus an féidearthacht Mol Gluaisteachta a fhorbairt ar an suíomh sin san fhadtéarma</td></tr>
</table>

## B: Bainistiú Bóthair agus Tráchta

Moladh roinnt athruithe chun áit atá níos sábháilte ó thaobh siúl agus rothaíocht de, agus níos taitneamhaí do chónaitheoirí agus do chuairteoirí am a chaitheamh inti, a dhéanamh de Chinn Mhara.

Tá athbhreithniú náisiúnta ar siúl ar luasteorannacha, lena n-áirítear moltaí do limistéir 30kph, agus féadfar athruithe a dhéanamh ar na teorannacha thart ar Chinn Mhara mar thoradh ar an bpróiseas sin. Tá an obair sin ar siúl ar bhonn leanúnach agus cuirfear i gcrích í tráth níos déanaí.




D'fhéadfaí go n-áireofar sna limistéir 30k in aghaidh na huaire, ceantair a moltar Limistéir Scoile, bealaí ciúine agus feabhsuithe ar an réimse phoiblí mar chuid den SIP, ag tacú le níos mó turas ar rothair agus de shiúl na gcos.


## Bainistiú Lár an tSráidbhaile

Ina theannta sin, chun ceantar béime na réimse poiblí ar an gCé a fheabhsú (L8570), moltar córas tráchta aontreo. Thaistealódh an trácht ó thuaidh ar an gCé agus ó dheas feadh Tí na Cúirte dá bharr sin.

Is í an aidhm atá leis an athrú sin ná spás pobail breise a chruthú le cosáin níos leithne agus le tírdhreachú, chun tacú le himeachtaí amhail Margadh seachtainiúil na bhFeirmeoirí agus ithe amuigh faoin aer i lár an tsráidbhaile. Beartaítear freisin go bhfeabhsófar leis an athdháileadh spáis bhóthair tarraingteacht an chuain ar imeall an uisce mar áit fhóillíocht do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon.

Mar chuid de Phlean Bainistithe Tráchta lár an tsráidbhaile, déanfar úsáid na páirceála cairr atá ar fáil ar an tsráid a bharrfheabhsú chun a chinntiú go gcoimeádtar soláthar do chónaitheoirí, in éineacht le forbairt áiseanna luchtaithe do Fheithiclí Leictreacha ag suíomhanna iomchuí.

Má fhorbrófar nascbhóthar nua ón L4509 go dtí an N67, cabhrófar leis sin le líon na bhfeithiclí a théann trí lár an bhaile a laghdú – le háiseanna taistil ghníomhaigh thacaíochta a soláthrófar freisin chun tacú le cruthú timpeallachta atá oiriúnach do rothaithe agus do choisithe.





Léaráid 18. Moltaí Bainistithe Bóthair agus Tráchta

**Tábla 5. Bearta Bainistithe Bóthair agus Tráchta**

| Cód Aitheantais | Suíomh (suíomh sonrach) | Beart |
|---|---|---|
| Córas tráchta aontreo | L8570 (Bóthar Thigh na Cúirte agus An Cé ar thaobh theas de Bhóthar Thigh na Cúirte) | Córas Aontreo |
| Páirceáil agus Luchtú do FL | Lár an tSráidbhaile | Barrfheabhsú ar pháirceáil chairr lena n-áirítear soláthar cuí áiseanna luchtaithe do Fheithiclí Leictreacha (EV) |
| Nascbhóthar Nua | idir an L4509 agus an N67 | Nascbhóthar nua le bonneagar taistil ghníomhaigh thacaíochta |

# 5.8 Achoimre ar Thairbhí

Déantar achoimre ar na príomhthairbhí a bhaineann leis na bearta molta laistigh den Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara ar an gcaoi seo a leanas:




**Léaráid 19. Tairbhí an SIP**




N67 GALWAY
ENNISTIMON N67
BALLYVAGHAN
14 GORT
Murphy Heating
STOP

# 6. Céimniú agus Cur chun Feidhme

**Tábla 6. Leibhéal costais tháscach agus achar ama**

| Téama | Beart | Costas | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| Rochtain ar Scoil | Limistéir Scoile (TG4, TG12) | € | ■ | | |
| | Bealaí Sábháilte chun na Scoile (TG6, TG14) | € € | ■ | ■ | |
| | Bealach siúil agus rothaíochta Chaisleán Dhún Guaire N67 go lár an tsráidbhaile (TG10) | € € € | ■ | ■ | |
| Turasóireacht | Réimse Phoiblí Na Cé | € € € | ■ | ■ | |
| | Taisteal Gníomhach Na Cé (TG8, TG9) | € € | ■ | | |
| | Feabhsaithe ar Réimse Phoiblí na Príomhshráide (TG7) | € € € | ■ | | |
| Lár an tSráidbhaile | Áiseanna Rothaíochta Leithscartha ar an N67 (ón L8587 go dtí SN Naomh Seosamh) (TG2) | € € | ■ | ■ | |
| | Uasghrádaithe Acomhail | € € | ■ | ■ | |
| | Bearta Ceansaithe Tráchta agus Uasghráduithe ar Chosáin an tSráidbhaile (TG1, TG3, TG11, TG13) | € | ■ | | |
| | Barrfheabhsú ar pháirceáil chairr lena n-áirítear soláthar cuí áiseanna luchtaithe do Fheithiclí Leictreacha (EV) | € | ■ | | |
| Nascacht níos Leithne | Uasghráduithe ar Stadanna Bus (IP2, IP3) | € | ■ | | |
| | Páirceáil Chóiste Fhadtéarmach, le saoráid Mhoil Shoghluaisteachta féideartha a sholáthrófar amach anseo (IP4) | € € € | ■ | ■ | ■ |
| | Oibriú i dtreo Minicíochtaí Iompair Phoiblí Feabhsaithe (IP1) | € € | ■ | ■ | |
| | Luasteorainneacha an tSráidbhaile (BBT1, BBT2) | € | ■ | | |
| | Córas Aontreo ar Bhóthar an Thigh na Cúirte agus ar An gCé | € | ■ | | |
| | Nascbhóthar a nascann an L4509 leis an N67, deartha chun tacú le taisteal gníomhach | € € € | ■ | ■ | ■ |

Beidh forbairt agus seachadadh na mbeart SIP go léir faoi réir faomhadh pleanála (lena n-áirítear comhairliúchán breise maidir le bearta aonair agus le haon chomhaontuithe úinéireachta talún atá ag teastáil a dhaingniú i gcás inar iomchuí), i dteannta leis na socruithe mhaoinithe iomchuí atá ag teastáil le haghaidh seachadadh a dhaingniú.

Dá bharr sin, tá an plean céimnithe agus cuir chun feidhme táscach agus d’fhéadfaí é a athrú de réir agus a tabharfar bearta aonair chun cinn.

Déanfar measúnú ar chéimniú agus ar chur chun feidhme beartaithe na moltaí SIP sin gach cúig bliana, chun a chinntiú go mbeidh seachadadh an SIP réalaíoch agus indéanta.

